# Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

## Cód Iompair agus Rialachais Chorparáidigh

**Meitheamh 2013 (Athbhreithniú 4)**

**RÉAMHRÁ**

I mí Bealtaine 2009, d'eisigh an Roinn Airgeadais "Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú" nua, leasú ar an bhfoilseachán ó mhí Dheireadh Fómhair 2001. Sa Chód nua, tá curtha san áireamh forbairtí agus comhairliúcháin a bhí ann le gairid.

Rinneadh comhlacht forordaithe de Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, le héifeacht ón 1 Eanáir 2006.

Ó bunaíodh é an 3 Bealtaine 2005, tá Bord na Leabharlainne Náisiúnta i ndiaidh nósanna imeachta na leabharlainne ó thaobh iompair agus rialachas corparáideach de a fhorbairt agus a oiriúnú lena chinntiú go ndéanfar na ceanglais i gCód Cleachtais na Roinne Airgeadais agus sa reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí thuasluaite a chomhlíonadh.

Ceanglais fhorlíontacha atá sna ceanglais i gCód Cleachtais na Roinne Airgeadais agus níl éifeacht acu ar na ceanglais reachtúla reatha ná ar oibleagáidí eile atá ann mar gheall ar Achtanna na gCuideachtaí, an tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, ná forálacha reachtúla ar leith eile a bhaineann leis an mBord féin.

Tá Bord na Leabharlainne Náisiúnta dúthrachtach i dtaca leis na caighdeáin is airde is féidir a bhaint amach ó thaobh iompair agus rialachas corparáideach de.

Déanfaidh an Rúnaí do Bhord na Leabharlainne Náisiúnta a chinntiú go mbeidh comhaltaí ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí faoin dlí agus go mbeidh tuiscint acu ar cheanglais forálacha reachtúla a bhaineann leosan le go mbeidh siad in ann a bhfeidhmeanna mar chomhaltaí a chomhlíonadh.

Ní bheadh sé indéanta foráil a dhéanamh do gach cás a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gCód Iompair agus Cód don Rialachas Corparáideach. Dá bharr sin, ba chóir do chomhaltaí Boird agus baill foirne a bheith ar an eolas gurb iad féin go príomha atá freagrach as a chinntiú go mbíonn a gcuid gníomhaíochtaí ar fad, má chuimsítear iad go sonrach sa doiciméad seo nó mura gcuimsítear, á rialú ag na ceisteanna eitice agus ceisteanna eile atá le tuiscint ann.

## CLÁR NA nÁBHAR


**1.** Nósanna Imeachta Rialachais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . Leathanach 4

**2.** Buanorduithe. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . Leathanach 9

**3.** Eitic/Nochtadh Leasanna ag Comhaltaí den Bhord . . . . . . Leathanach 13

**4.** Iniúchóireacht Inmheánach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . Leathanach 17

**5.** Rialú Inmheánach Airgeadais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . Leathanach 18

**6.** Cód Iompair Gnó do Chomhaltaí Boird agus do Bhaill Foirne . . . . . . . . . Leathanach 20

**7.** Seirbhís Phoiblí Ardchaighdeáin. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . Leathanach 22

**8.** Treoirlínte maidir le táillí a íoc leis an gCathaoirleach/le Comhaltaí . . . Leathanach 24

***Aguisín 1:*** Ráiteas maidir le Leasanna i gcomhréir le hAlt 17 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 . . . . . . . . . . Leathanach 25

***Aguisín 2:*** Cairt le haghaidh Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí LNÉ . . . . . . . Leathanach 34

***Aguisín 3:*** Téarmaí Tagartha Choiste Iniúchóireachta LNÉ . . . Leathanach 37

## 1. Nósanna Imeachta Rialachais

**1 Ráiteas ginearálta**

**1.1** Beidh cruinnithe rialta ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta, a choinneoidh smacht iomlán éifeachtach ar an Leabharlann agus a dhéanfaidh faireachán ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht an fheidhmeannais.

**1.2** Agus é ag feidhmiú mar chomhlacht corparáideach, tabharfaidh an Bord faoina ghnóthaí mar atá leagtha amach ina nósanna imeachta Rialachais agus ina Bhuan-Orduithe. Gan dochar do cheann ar bith de na cumhachtaí atá dílsithe dó faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, is é is príomhról don Bhord nithe a bhaineann le straitéis, beartas, airgeadas agus nós imeachta a shocrú, anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí éagsúla na Leabharlainne agus an Fheidhmeannais, agus moltaí ó Choistí a mheas.

**2 Sceideal feidhmeanna forchoimeádta**

**2.1** Ó am go chéile, déanfaidh an Bord scéim fhoirmiúil nithe a shocrú de na nithe atá forchoimeádta go sonrach dó féin i dtaobh cinntí a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh treoir agus rialú an chomhlachta go daingean faoina stiúir.

***2.2 Feidhmeanna Forchoimeádta***

**2.2.1** ***Stiúrthóir (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) a cheapadh agus a íoc agus feidhmíocht an Stiúrthóra a mheas***

Beidh an Bord freagrach as na próisis chun an Stiúrthóir a earcú, chomh maith leis na próisis sin a shocrú. Déanfaidh an Bord sonraí poist a leagan amach, téarmaí sa chonradh a bheidh aige nó aici a shocrú (i gcomhréir leis na treoirlínte ón Rialtas chun na críche sin) agus athbhreithniú ar fheidhmíocht an duine. Fágfar ceapachán na mball foirne eile faoin Stiúrthóir de réir na dtéarmaí i mBeartas Earcaíochta atá le ceadú ag an mBord.

**2.2.2** ***Údarás a tharmligean don Stiúrthóir***

Go ginearálta, déanfaidh an Bord an t-údarás a tharmligean don Stiúrthóir chun na feidhmeanna agus na freagrachtaí atá leagtha amach i gconradh an duine sin a chomhlíonadh (sonraí poist ina measc) agus éileoidh air nó uirthi tuairisc a thabhairt go rialta ar gach réimse mór gníomhaíochta.

**2.2.3** Glacfaidh an Bord buiséad gach bliain nuair a gheofar fógra faoin leibhéal iarbhír ioncaim a bheidh ar fáil, chomh maith le treoirlínte a shocrú don athrúchán sa bhuiséad agus faireachán a dhéanamh go ráithiúil ar chaiteachas. Faoi réir na bhforálacha atá anseo thíos, beidh an chumhacht ag an Stiúrthóir caiteachas a údarú i gcomhréir leis an mbuiséad bliantúil a cheadóidh an Bord agus sa chás go dtitfidh an caiteachas laistigh de threoirlínte beartais a ghlacfaidh an Bord ó am go chéile:

**2.2.3(A)** I gcás saothar a fháil nó ábhar Leabharlainne a bhailiú, beidh ceadú ón mBord ag teastáil roimh ré más suim níos mó ná €50,000 atá le caitheamh;

**2.2.3(b)** I gcas earraí nó trealamh a cheannach nó a fháil, beidh ar an Stiúrthóir ceadú a fháil roimh ré ón mBord más rud é go mbeidh caiteachas níos mó ná €50,000 ann;

**2.2.3(c)** I gcásanna ina bhfaightear seirbhísí gairmiúla, beidh ar an Stiúrthóir ceadú a fháil roimh ré ón mBord más rud é go mbeidh nó gur dócha go mbeidh an costas as aon seirbhísí mar sin a sholáthar níos mó ná €25,000.

In ainneoin na bhforálacha sna fomhíreanna thuas, beidh an t-údarás ar an Stiúrthóir leithdháileadh cistí a cheadú i gcásanna práinneacha, faoi réir ceadú a fháil roimh ré ón gCathaoirleach agus an Bord a chur ar an eolas faoi mar chuid den chéad chruinniú eile.

**2.2.4** Beidh an chumhacht ag an Stiúrthóir iarratais a mheas ar chúiseanna ar nós ábhar de chuid na Leabharlainne a fháil ar iasacht nó a atáirgeadh, dul isteach i socruithe tráchtála maidir le hábhar de chuid na Leabharlainne, srl. Coinneoidh an Stiúrthóir an Bord ar an eolas i dtaobh iarratais thábhachtacha. Má mheastar iarratais a bheith go speisialta tábhachtach nó má bhíonn ceist thábhachtach ann faoi chúrsaí beartais, cuirfear an ní sin faoi bhráid an Bhoird lena mheas.

**2.2.5** I gcás go mbeidh an Stiúrthóir as láthair ón Leabharlann Náisiúnta ar feadh tréimhse fhada mar gheall ar bhreoiteacht nó ar chúis eile, féadfaidh an Bord comhalta foirne a cheapadh chun bheith ag gníomhú mar Stiúrthóir. Beidh an té sin a ainmneofar faoi réir na dtéarmaí agus coinníollacha céanna leis an Stiúrthóir fad a mhairfidh an tréimhse ionadaíochta.

**2.2.6** ***Straitéis agus pleananna cur chun feidhme a chomhaontú***

Déanfaidh an Bord tosaíochtaí straitéiseacha agus gnó a shocrú chomh maith le téarmaí sa straitéis agus sna pleananna cur chun feidhme gnó a fhormheas de réir mar a dhéanfaidh baill foirne iad sin a ullmhú agus a dhearadh lena mbaint amach, critéir chun feidhmíocht a mheasúnú san áireamh.

**2.2.7** ***Beartais iniúchóireachta agus riosca a shocrú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeartas sin***

Glacfaidh an Bord beartais iniúchóireachta agus riosca agus déanfaidh faireachán agus tabharfaidh tuairisc ar a gcur chun feidhme de réir mar is gá.

**2.2.8** ***Tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a fhormheas***

Cuirfidh an Bord tuarascálacha agus ráitis airgeadais bhliantúla ar fáil arna n-ullmhú ag na baill foirne.

**2.2.9** ***Téarmaí conarthaí móra a cheadú***

Is é an Bord a cheadóidh na téarmaí i gconarthaí, léasanna agus socruithe móra a bheidh de bhreis ar na teorainneacha atá leagtha amach i nósanna imeachta airgeadais an Bhoird.

**2.2.10** ***Beartas a leagan síos i dtaobh luach saothair na hardbhainistíochta***

Is é an Bord a dhéanfaidh an beartas ar luach saothair na hardbhainistíochta a shocrú, agus faireachán ar chur chun feidhme an bheartais sin, i gcomhréir le beartas agus

treoirlínte an Rialtais, lena n-áirítear aon leasuithe suntasacha ar shochar pinsin an Stiúrthóra agus na mball foirne. Foilseofar tuarastal an Stiúrthóra sa tuarascáil bhliantúil.

**2.2.11 *Nósanna imeachta gnó a chomhshocrú***

Déanfaidh an Bord téarmaí nósanna imeachta a leagan síos ina chruinnithe (agus, go heisceachtúil, nuair a theastaíonn cinntí idir cruinnithe Boird) i bhfoirm Buanorduithe (breathnaigh cuid 2 ar leanúint), a ndéanfar athbhreithniú orthu ó am go chéile, ach i ngach cás nach lú ná uair amháin fad a mhairfidh gach Bord, bliain i ndiaidh a cheaptha.

**2.2.12 *Athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar an doiciméad iompair agus rialachais agus é a cheadú***

Uair sa bhliain ar a laghad, déanfaidh an Bord athbhreithniú ar chur chun feidhme na socruithe atá leagtha amach sa chód iompair agus sa doiciméad rialachais chomh maith le haon athruithe riachtanacha a dhéanamh ar an doiciméad.

## 3 Comhfhreagracht

**3.1** Déanfaidh an Bord prionsabal chomhfhreagracht agus chomhúdarás an Bhoird mar chomhlacht corpraithe a chosaint. Beidh sé ag feidhmiú ionas nach mbeidh tionchar iomarcach ag daoine ar leith ar chinnteoireacht an Bhoird agus, san am céanna, beidh gach faill ag comhaltaí Boird cur go hiomlán le caibidlíocht an Bhoird.

**3.2** Beidh fáil ag gach comhalta ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Bhoird, atá freagrach don Bhord as a chinntiú go gcloífear le nósanna imeachta an Bhoird agus go gcloífear leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Ceist don Bhord ina iomláine a bheadh ann an Rúnaí a bhriseadh as a ról.

**3.3** Déanfaidh an Bord a chinntiú go bhféadfaidh comhaltaí, agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu, comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil ar chostas réasúnta don Bhord agus go bhféadfar, má mheastar gá a bheith leis, nósanna imeachta foirmiúla a leagan síos ina leith seo.

**3.4** Tabharfaidh comhaltaí an Bhoird breithiúnas neamhspleách ar chúrsaí a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní, ceapacháin thábhachtacha agus caighdeáin iompair.

## 4 Tuairisciú seachtrach, faisnéis

**4.1** Tá an Bord freagrach as a chinntiú go dtabharfar measúnú cothrom intuigthe ar staid an Bhoird tráth a mbeidh tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an Bhoird á gcur faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ("An tAire").

**4.2** Luafaidh na comhaltaí sa tuarascáil bhliantúil gurb iadsan atá freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú. Tabharfaidh siad tuairisc gur gnóthas leantach atá sa Bhord agus toimhdí nó coinníollacha tacaíochta de réir mar is gá. Beidh ráiteas ann fosta ó na hiniúchóirí seachtracha maidir leis na freagrachtaí tuairiscithe orthu.

**4.3** Tabharfaidh Cathaoirleach an Bhoird ráiteas cuimsitheach le deimhniú a thabhairt gur cloíodh le beartais agus nósanna imeachta an Rialtais leis an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais.

**4.4** Déanfaidh na comhaltaí athbhreithniú bliantúil ar a éifeachtaí atá córais an Bhoird don rialú inmheánach, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta agus an bhainistíocht riosca, agus déanfaidh siad a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le caidreamh fóirsteanach a choinneáil ar bun leis na hiniúchóirí seachtracha

**4.5** Léireoidh na comhaltaí díchill lena chinntiú go gcoinneoidh an Cathaoirleach an tAire ar an eolas maidir le nithe tábhachtacha a thiocfaidh chun cinn i dtaca leis an mBord de.

**4.6** Déanfaidh an Bord a chinntiú go dtugtar eolas dó go tráthúil atá ar chaighdeán cuí le go mbeidh comhaltaí in ann a gcuid dualgas a chomhall go sásúil.

**4.7** Tá an Bord freagrach as na hoibleagáidí reachtúla go léir is infheidhme a bhaineann leis an mBord a chomhlíonadh. I gcás gur léir d’aon chomhaltaí nach bhfuiltear ag cloí le haon oibleagáid, ba chóir dóibh an méid sin a chur in iúl do na comhaltaí eile leis an gceist a réiteach. Ba chóir don Chathaoirleach an tAire a chur ar an eolas faoin ábhar leis.

**4.8** Déanfar séala an Bhoird a fhíordheimhniú le síniú an Chathaoirligh nó aon chomhalta eile den Bhord agus le síniú an Stiúrthóra nó aon bhall foirne eile den Bhord don tréimhse dá bhfuil siad údaraithe ag an mBord lena dhéanamh.

**5 Treoir faisnéise do Chomhaltaí nua**

**5.1** Cé nach comhlacht corpraithe é faoi Acht na gCuideachtaí, tá an Bord tiomanta i dtaobh cloí le caighdeáin choibhéiseacha i dtaca leis an bhfreagracht ar stiúrthóirí a bheith ag feidhmiú i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme sna hAchtanna sin agus de réir mar a cheanglaítear faoi na téarmaí sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

**5.2** Ar cheapachán comhaltaí nua, tabharfaidh Rúnaí an Bhoird an t-eolas seo a leanas dóibh:

- Sceideal foirmiúil na nithe atá forchoimeádta don Bhord cinneadh a dhéanamh ina leith;
- Nósanna imeachta chun eolas a fháil ar reachtaíocht ábhartha agus rialacháin phoiblí;
- Nósanna imeachta ar gá cloí leo nuair a bhíonn cinntí le déanamh go heisceachtúil idir cruinnithe Boird;
- Sceideal ina dtabharfar comhdhéanamh na gcoistí agus grúpaí oibre go léir agus a dtéarmaí tagartha;
- Ráiteas le míniú a thabhairt ar fhreagrachtaí na gcomhaltaí i dtaca leis na ráitis airgeadais a ullmhú, le córas an Bhoird don rialú inmheánach agus iniúchadh agus tuairisciú ar an mBord mar ghnóthas leantach agus na toimhdí nó coinníollacha tacaíochta ag gabháil leis de réir mar is gá;

- Ráiteas leis na comhaltaí a chur ar an eolas go bhfuil fáil acu ar chomhairle agus ar sheirbhísí an Rúnaí, atá freagrach don Bhord as a chinntiú go gcloífear le nósanna imeachta an Bhoird agus go gcloífear leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme;
- Cód eitice agus cód iompair do chomhaltaí, nochtadh leasanna comhaltaí san áireamh;
- Eolas sonrach faoin mBord agus faoi obair an Bhoird; agus
- Cóip den leagan is úire den doiciméad "Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú" mar aon le haon chiorcláin ábhartha agus/nó nótaí treorach.

## 6. Cód iompair, nochtadh leasanna ag Comhaltaí

Déanfaidh an Bord a chinntiú go mbeidh sé ag feidhmiú ar na caighdeáin is airde i dtaca le hiompar comhaltaí de.

## 7. Seirbhís Phoiblí Ardchaighdeáin

Déanfaidh an Bord na nithe seo a leanas leis na caighdeáin is airde a bhaint amach i gcúrsa a ghnóthaí leis an bpobal:

- Seirbhís ardchaighdeáin a chur chun cinn
- Comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn
- Rochtain fhisiciúil a éascú
- Eolas a thabhairt
- Freastal ar an bpobal go tráthúil cúirtéiseach
- Plé go héifeachtach le gearáin agus le lucht a ndéanta
- Plé go cóir cothrom le hachomhairc
- A chinntiú go mbíonn an soláthar seirbhíse ag freastal ar an bpobal agus ag cuidiú leo mar úsáideoirí
- An comhordú agus comhleanúnachas a chur chun cinn sa soláthar seirbhíse
- Seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach
- A chinntiú go ndéanfar comhairliúchán fiúntach i dtaca le measúnú ar an soláthar seirbhísí

## 8. Iniúchadh Inmheánach

Beidh feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an mBord a thabharfaidh tuairisc don Bhord ar a cuid gníomhaíochtaí tríd an gCoiste Iniúchóireachta.

## 9. Bainistíocht agus rialú airgeadais

Déanfaidh an Bord a chinntiú go dtabharfar faoin mbainistíocht agus rialú airgeadais de réir na gcaighdeán is airde. Déanfaidh an Bord a chinntiú go mbeifear ag cloí le ceanglais bhunreachtúla agus reachtúla agus le hoibleagáidí ó

thaobh cuntasachta de don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus don Roinn Airgeadais.

## 2. Buanorduithe

***Bunaíodh Bord na Leabharlainne Náisiúnta faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 (An tAcht). Ghlac an Bord na Buanorduithe seo an 13 Meitheamh 2005, agus leasú orthu ina dhiaidh sin an 12 Meán Fómhair 2005, de bhun Alt 22 (8) den Acht.***

### 1. Cruinnithe den Bhord

**1.1** Beidh naoi gcinn de ghnáthchruinnithe ar a laghad ag an mBord gach bliain. An Cathaoirleach a shocróidh amanna tosaigh agus críochnaithe, an t-ionad agus an clár do gach cruinniú mar sin, agus an t-ord do gach mír ghnó ar an gclár in aon chruinniú faoi leith.

**1.2** Cúigear a bheidh i gcóram faoi choinne cruinnithe Boird, i gcomhréir le hAlt 22 (3) den Acht. Mar sin féin, féadfaidh an Bord córam níos mó ná sin a shocrú ó am go chéile.

**1.3** In ainneoin na bhforálacha i mBuanordú 1.1., maidir le cruinniú urghnách den Bhord a ghairm, féadfaidh an Cathaoirleach é sin a dhéanamh in am ar bith nó féadfaidh seachtar comhaltaí Boird ar a laghad é a dhéanamh má thugann siad fógra scríofa deich lá ina dtabharfar na cúiseanna leis an gcruinniú a ghairm.

**1.4** Déantar foráil le hAlt 22(5) den Acht go mbeidh na nithe seo i gceist i gcruinniú den Bhord:

(a) Beidh Cathaoirleach an Bhoird mar Chathaoirleach ar an gcruinniú má bhíonn sé nó sí i láthair, agus
(b) Mura mbíonn Cathaoirleach an Bhoird i láthair agus fad a bheidh an duine sin as láthair, nó más rud é go mbíonn oifig an Chathaoirligh folamh, déanfaidh na comhaltaí Boird atá i láthair duine dá gcomhaltaí a thoghadh le bheith mar Chathaoirleach ar an gcruinniú.

### 2. Gnó Cruinnithe

**2.1** Gheobhaidh comhaltaí Boird fógra ar an ríomhphost cúig lá oibre ar a laghad roimh chruinniú Boird ina dtabharfar am agus ionad an chruinnithe, miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin, clár ar a luafar an gnó atá le plé le linn an chruinnithe chomh maith le cáipéisí treoracha agus tuarascálacha i dtaobh na míreanna ar an gclár a bheidh le plé sa chruinniú.

**2.2** Scaipfear cruachóipeanna de na páipéir dá dtagraítear in 2.1 thuas ar na comhaltaí arna n-iarraidh agus cuirfear ar fáil iad le linn an chruinnithe más gá.

**2.3** Ach amháin má shocraíonn an Bord a mhalairt, ní dhéanfar cinneadh ar mhíreanna ar chlár an chruinnithe Boird ach más rud é gur cuireadh na tuarascálacha agus cáipéisí a bhaineann leis an gceist a bheadh le socrú ar fáil do na comhaltaí go léir roimh ré i gcomhréir leis na socruithe thuas.

**2.4** Ach amháin má shocraíonn an Bord a mhalairt, beidh na cáipéisí ar fad, miontuairiscí san áireamh, a bhaineann le gnó an Bhoird faoi rún ag comhaltaí an Bhoird, ag an Stiúrthóir agus ag Rúnaí an Bhoird ach amháin de réir mar dá bhforáiltear leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

**2.5** Má bhíonn iarratas ó chomhalta aon mhír a chur ar chlár oibre cruinnithe le go ndéanfar cinneadh ina leith, beidh an fógra ina thaobh le bheith ag an Rúnaí nach lú ná deich lá oibre roimh dháta an chruinnithe atá i gceist.

**2.6** Ní cheadaítear mír atá ar an gclár oibre mar a cuireadh chuig na comhaltaí é a bhaint gan cead a fháil ón gCathaoirleach.

**3. Cinntí an Bhoird agus gnóthaí i gcruinnithe**

**3.1** An gnáthchleachtas a bheidh ann gan ach cinntí a thaifeadadh sna miontuairiscí.

**3.2** Ní dhéanfar ainmneacha comhaltaí Boird a thaifeadadh sna miontuairiscí, diomaite den taifead ar fhreastal ar chruinnithe Boird, ach amháin má bhíonn iarratas speisialta ann ina leith.

**3.3** Is é an gnáthchleachtas a bheidh ag an mBord teacht ar chinntí bunaithe ar chomhdhearcadh. Murar féidir teacht ar chomhdhearcadh beidh vóta ann.

**3.4** Más gá vóta a dhéanamh, úsáidfear móramh vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a bheidh ag caitheamh vóta i leith ceiste le gach cinneadh a shocrú. Má bhíonn an líon céanna vótaí ann ar son an dá rogha, beidh an dara vóta, nó vóta réitigh, ag an gCathaoirleach de réir mar dá bhforáiltear in alt 22(6) den Acht.

**3.5** Má tharlaíonn go bhfuil cinneadh glactha, agus más mian le comhalta nó comhaltaí breathnú ar an gceist arís i gcruinniú eile den Bhord ina dhiaidh sin,

(a) Beidh móramh acu siúd a bhí i bhfách leis an gcéad chinneadh i láthair chun an cheist a phlé; *nó*

(b) Beifear tar éis rún arna mholadh ag an gcomhalta nó ag na comhaltaí le hathbhreithniú a iarraidh a scaipeadh 48 uair an chloig ar a laghad roimh an gcruinniú Boird.

**3.6** I dtús gach cruinnithe, déanfaidh an cruinniú sin na miontuairiscí a mheas agus a fhormheas, agus déanfar leasú orthu nó ní dhéanfar. Go dtí go ndéanfar iad a fhormheas, ní cheadófar aon phlé ar na miontuairiscí ach amháin mar a bhaineann lena gcruinneas. Measfar gur taifead fíor ar na himeachtaí lena mbaineann a bheidh sna miontuairiscí arna bhformheas agus síneoidh an Cathaoirleach iad ar an mbonn sin.

In ainneoin a bhfuil luaite thuas, féadfaidh an Cathaoirleach, ar a dhiscréid nó a discréid féin, iarraidh ar an mBord miontuairisc a fhormheas sa chruinniú céanna ina nglactar cinneadh.

**3.7** Coinneoidh an Rúnaí clár de mhiontuairiscí formheasta an Bhoird a bheidh ar fáil lena n-iniúchadh ag comhaltaí Boird agus ag an Stiúrthóir.

**3.8** Ach amháin má shocraíonn an Bord a mhalairt, cuirfidh baill foirne an Bhoird páirtithe leasmhara ar an eolas maidir le cinntí an Bhoird. Níl cead ag aon

duine staid an Bhoird ar aon ní a nochtadh do na meáin seachas an Cathaoirleach, an Stiúrthóir nó comhalta nó ball foirne den Bhord agus an duine sin údaraithe ag an gCathaoirleach nó ag an Stiúrthóir é (ach amháin mar a fhoráiltear leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise).

**3.9** Déanfaidh an Bord gach cinneadh i ngnáthchruinnithe agus i gcruinnithe urghnácha arna reáchtáil de bhun Bhuanorduithe 1.1 agus 1.3. Má dhéanann an Cathaoirleach agus an Stiúrthóir cinneadh go mbíonn cinneadh le déanamh idir na cruinnithe sin de bharr cúinsí eisceachtúla, seo a leanas na nósanna imeachta a bheidh ann:

**3.9.1** Más féidir, seolfaidh an Rúnaí (mar ríomhphost nó i gcruachóip) bileog threorach chuig gach comhalta Boird maidir leis an ní a bhfuil cinneadh le déanamh ina leith. Tabharfar ráiteas soiléir ar an mbileog threorach maidir leis an gcinneadh
atá á iarraidh chomh maith le moladh an Chathaoirligh nó an Stiúrthóra ar an ní féin;

**3.9.2** Má bhíonn dóthain ama ann, scríobhfaidh comhaltaí Boird ar ais lena dtuairimí taobh istigh de 5 lá i ndiaidh dóibh an bhileog a fháil. Mar sin féin, má shocraíonn an Cathaoirleach agus an Stiúrthóir é, beidh an Stiúrthóir in ann vóta ceangailteach na gcomhaltaí Boird a fháil ar bhealach seachas i scríbhinn agus déanfaidh gach comhalta Boird a chaithfidh vóta an vóta sin a dheimhniú i scríbhinn a luaithe agus is féidir.

**3.10** Má bhíonn aon chomhalta den Bhord, an Cathaoirleach san áireamh, as láthair i sé cinn de chruinnithe den Bhord i ndiaidh a chéile, iarrfaidh an Stiúrthóir míniú ar an gcomhalta Boird agus cuirfidh an míniú sin (má thugtar é) in iúl don Aire chomh maith le freastal an chomhalta ar chruinnithe Boird.

## 4. Freastal na Foirne ar chruinnithe den Bhord

**4.1** Beidh an Stiúrthóir i dteideal freastal ar gach cruinniú den Bhord.

**4.2** Beidh an Stiúrthóir féin nó ball foirne eile arna cheapadh ag an Stiúrthóir mar Rúnaí don Bhord agus beidh an duine sin i láthair ar gach cruinniú de chuid an Bhoird go hiondúil.

**4.3** Féadfaidh an Cathaoirleach, nó an Stiúrthóir agus toiliú tugtha roimh ré ag an gCathaoirleach, socrú a dhéanamh le go mbeidh daoine nach comhaltaí den Bhord iad i láthair ar chruinnithe de chuid an Bhoird le saineolas nó comhairle a thabhairt nó le bheith páirteach sa phlé.

**4.4** Féadfaidh an Cathaoirleach iarraidh ar aon bhall foirne, an Stiúrthóir san áireamh, imeacht go hiomlán ó chruinniú Boird nó ó chuid de.

## 5. Coistí an Bhoird

**5.1** I gcomhréir le hAlt 24 den Acht, féadfaidh an Bord coistí a chur ar bun chun cuidiú leis an mBord agus chun comhairle a chur air maidir lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Féadfaidh daoine nach comhaltaí den Bhord iad a bheith ar na coistí

sin ach caithfidh comhalta den Bhord a bheith mar chathaoirleach ar choistí mar sin. Féadfar coistí a cheapadh ar feadh cibé téarmaí de réir mar a chinnfidh an Bord.

**5.2** Déanfaidh an Bord téarmaí tagartha a dhréachtú d'aon choiste a bhunófar de réir 5.1 thuas agus féadfaidh sé nósanna imeachta coiste a rialáil de réir mar is cuí. Faoina réir sin, féadfaidh coiste a nósanna imeachta féin a rialú, áfach.

**5.3** Déanfar Téarmaí Tagartha Caighdeánacha do choistí a chinneadh ó am go chéile, atá á gceangal mar sceideal leis na Buan-Orduithe seo (Aguisín 3).

**5.4** Déantar foráil le halt 13(4) (a) den Acht le go mbunófaí coiste a dtabharfar an Coiste um Ghinealas agus Araltas air. Is é a dhéanfaidh an coiste seo "... feidhmeanna sin an Bhoird a chomhlíonadh a bheadh ní b'oiriúnaí dó, i dtuairim an Bhoird, a chomhlíonadh agus a thugann an Bord dó lena dhéanamh."

**5.5** Foráiltear le halt 23(2) (a) den Acht go mbunófaí Coiste Comhairleach do Léitheoirí. Is é a dhéanfaidh an coiste seo " ...comhairle a chur ar an mBord i dtaca le seirbhís leabharlainne agus faisnéise a chur ar fáil do bhaill den phobal, litríocht a bhaineann le bailiúchán na Leabharlainne san áireamh." Foráiltear le halt 23(3) (a) den Acht go mbeidh cathaoirleach ar an gcoiste ar comhalta den Bhord an duine sin chomh maith le "cúigear gnáthchomhaltaí agus cónaí ar dhuine acu ar a laghad i ngach cúige."

**5.6** Is é an Bord a dhéanfaidh Cathaoirligh na gcoistí go léir a cheapadh ar feadh tréimhsí de réir mar a shocróidh an Bord.

**5.7** Le go mbeidh córam i láthair ar chruinniú de choiste Boird ní mór do 50% ar a laghad de chomhaltaí an Choiste Boird a bheith i láthair agus comhalta den Bhord duine acu sin ar a laghad.

**5.8** Déanfaidh Cathaoirleach Coiste Boird dátaí cruinnithe Coiste a shocrú agus gheobhaidh na comhaltaí go léir clár oibre agus miontuairiscí na gcruinnithe sin.

**5.9** Féadfaidh aon Chomhalta an rogha a dhéanamh le bheith ar aon Choiste nó Coistí den Bhord. Mar sin féin, lena chinntiú go mbeidh leanúnachas ann agus le cruinnithe gan córam i láthair a sheachaint, iarrfar ar na comhaltaí féin na Coistí a rachaidh siad orthu a ainmniú.

**5.10** Déanfar na cinntí a dhéanfaidh Coiste a thaifeadadh agus a chomhaontú ag deireadh gach cruinniú den Choiste. Scaipfear na miontuairiscí ó gach cruinniú, moltaí atá an Bord le cinneadh a thabhairt ina leith san áireamh, ar gach duine (nó, mura mbíonn fáil orthu, tabharfaidh Cathaoirleach an Choiste tuairisc ó bhéal) sa chruinniú Boird ina dhiaidh sin. Fógróidh an Cathaoirleach má táthar chun glacadh leis na moltaí sin gan aon easaontas ann.

**5.11** Cuirfidh foireann an Bhoird tacaíocht rúnaíochta ar fáil do na coistí nuair is féidir.

**5.12** Sa dóigh is nach mbeidh aon amhras ann, má mheasann an Bord é a bheith feiliúnach a dhéanamh, féadfar deireadh a chur le haon choiste arna bhunú faoi alt 24 den Acht.

**6. Athbhreithniú**

**6.1** Déanfaidh an Bord athbhreithniú ar na buanorduithe seo le linn na chéad bliana in oifig ag gach Bord agus gach trí bliana ar a laghad. Féadfaidh an Cathaoirleach aon mholadh a bheidh ann na Buan-Orduithe seo a leasú a chur faoi bhráid Cruinniú Boird in am ar bith le go ndéanfaidh an Bord é a mholadh.

**6.2** Déanfaidh an Bord athbhreithniú rialta ar a fheidhmiú agus feidhmíocht féin agus, más gá, cuirfidh an Cathaoirleach ar an eolas má theastaíonn aon scileanna le héifeachtacht an Bhoird a fheabhsú.

## 3. <u>Eitic/Nochtadh Leasanna ag Comhaltaí den Bhord</u>

Cloífear leis na caighdeáin seo a leanas i dtaca le hiompar comhaltaí lena chinntiú go mbeidh próisis an Bhoird cothrom (beidh sceideal den chineál céanna ann i dtaobh iompar Stiúrthóir an Bhoird agus iompar daoine eile den fhoireann):

**3.1** ***Cloífidh comhaltaí le caighdeáin rialála***

Cloífidh comhaltaí Boird leis na forálacha san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus san Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, i ngach cás de réir mar a dhéanfar na doiciméid sin a leasú, má chuirfear leo nó má thagann rud eile ina n-áit ó am go chéile.

**3.2** ***Déanfaidh na comhaltaí gach leas díreach a fógairt***

Caithfidh gach Comhalta eolas a thabhairt don Bhord nó don Choiste maidir leis an gcineál d’aon leas airgid nó leas tairbhiúil eile a bheadh ag an duine sin in aon ní nó ag baint le haon ní a bheadh lena mheas ag an mBord nó ag an gCoiste sin.

Nuair a cheapfar gach comhalta Boird beidh ar gach duine acu eolas a thabhairt do Rúnaí an Bhoird maidir le haon leas a d’fhéadfadh tionchar ábhartha (mar a shainmhínítear san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus san Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001) a imirt ar an duine féin agus an duine sin ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna oifigiúla aige nó aici.

**3.3** ***Coinneofar clár leasanna.***

Coinneoidh Rúnaí an Bhoird na sonraí maidir leis na leasanna thuasluaite i gclár rúnda speisialta agus déantar iad a leasú chun dáta gach bliain. Ba chóir an Rúnaí a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir má bhíonn athruithe ann idir an dá linn. Ní bheidh fáil ar an gclár ach ag Cathaoirleach agus Rúnaí an Bhoird, agus ag Stiúrthóir na Leabharlainne Náisiúnta.

**3.4** ***Na cineálacha leasanna is gá a nochtadh***

Más fíor aon cheann acu seo i gcás aon Chomhalta nó comhalta i lucht tí an Chomhalta:-

③ más scairshealbhóir i gcuideachta nó i gcomhlacht eile an duine

- má tá an duine i gcomhpháirtíocht le haon duine, nó más fostaí de chuid aon duine eile an duine féin

a bhfuil leas tairbhiúil aige nó aici i ní a bheidh le breathnú ag an mBord nó ag coiste den Bhord, nó má bhíonn leas tairbhiúil ag Comhalta, nó ag duine de lucht tí an Chomhalta, sa ní nó má bhíonn páirt ag an duine in aon socrú a bhaineann le cúrsaí talún lena mbaineann an ní, sa chás sin ní mór don chomhalta an leas a nochtadh.

**3.5 *Ceanglais eile a bhíonn ann más gá leas a nochtadh***

Más gá aon leas tairbhiúil den chineál dá dtagraítear thuas a nochtadh don Bhord nó do choiste –

- ní imreoidh an Comhalta aon tionchar, ná ní fhéachfaidh le haon tionchar a imirt, ar chinneadh a bheidh le déanamh i dtaca leis an ní
- ní ghlacfaidh an Comhalta aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfar ar an ní
- imeoidh an Comhalta ón gcruinniú fad a bheidh an ní á phlé nó á mheas, agus
- ní bheidh vóta ag an gComhalta agus ní ghníomhóidh an Comhalta mar Chomhalta den Bhord nó den Choiste i dtaca leis an ní de.

Déanfar mionsonraí aon nochta a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann.

**3.6 *Ráiteas bliantúil leasanna***

Tabharfaidh Comhalta ráiteas scríofa don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus don Rúnaí gach bliain iomlán nó i bpáirt ina mbíonn sé nó sí mar Chomhalta Boird agus na nithe seo a leanas sa ráiteas –

- leasanna an Chomhalta, agus
- leasanna a bhfuil eolas iarbhír aige nó aici atá ag a chéile nó a céile nó ag leanbh an Chomhalta nó ag leanbh a chéile nó a céile,

Le linn na tréimhse ón ráiteas deireanach mar sin a tugadh nó (más é an chéad ráiteas ó ceapadh an Comhalta den chéad uair) ó dháta an cheapacháin sin.

Tá ráiteas leasanna eiseamláireach ar fáil in Aguisín 1.

**3.7 *Ceanglais a thagann chun cinn má bhíonn leas ábhartha ag Comhalta***

I gcás ar bith ina bhfuil eolas iarbhír ag comhalta go bhfuil leas ábhartha aige nó aici nó ag duine bainteach i ní lena mbaineann feidhm an Chomhalta mar chomhalta den Bhord, déanfaidh sé nó sí na nithe seo –

- a luaithe is féidir, déanfaidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn maidir leis na fíorais sin a ullmhú agus a thabhairt do na comhaltaí eile den Bhord,
- ní dhéanfaidh an duine an fheidhm a chomhlíonadh ach amháin má bhíonn cúiseanna dosháraithe ann a fhágann gur gá dó nó di déanamh amhlaidh, agus
- má bheartaíonn an duine an fheidhm a chomhlíonadh, déanfaidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn ar na cúiseanna dosháraithe sin a ullmhú agus a thabhairt do na comhaltaí eile den Bhord agus don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí,

roimh an gcomhlíonadh céanna nó, mura mbíonn sé sin indéanta go praiticiúil, a luaithe is féidir ina dhiaidh.

**3.8** ***An chiall atá le "Daoine Bainteacha"***

Tá baint ag duine le Comhalta den Bhord sna cásanna seo a leanas:-

- tá baint ag duine le Comhalta más gaol de chuid an Chomhalta an duine
- i gcáil an duine mar iontaobhaí ar iontaobhas tá baint idir an duine sin agus Comhaltaí más tairbhí iontaobhais an Comhalta nó aon leanaí de chuid an Chomhalta
- tá baint ag duine le Comhalta má tá comhpháirtíocht eatarthu
- tá baint ag cuideachta le Comhalta má tá rialú ag an gComhalta sin uirthi nó má tá rialú ag an gComhalta agus ag daoine atá bainteach leis an gComhlacht air
- beifear ag caitheamh le Comhalta agus le haon duine nó daoine atá ag gníomhú le chéile chun rialú a fháil nó a fheidhmiú ar chuideachta mar dhaoine bainteacha atá bainteach le haon duine atá ag gníomhú bunaithe ar threoracha aon duine acu le rialú a fháil nó a fheidhmiú ar an gcuideachta.

**3.9** ***Dualgas rúndachta na gComhaltaí***

Ní scaoilfidh Comhalta Boird aon fhaisnéis a gheofar le linn dó nó di a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh mar Chomhalta, nó mar thoradh ar na dualgais sin a chomhlíonadh. Tá an dualgas rúndachta seo de réir na bhforálacha sna hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Tá ceart rochtana ar thaifid (is é sin, faisnéis in aon fhoirm arna stóráil de láimh, go meicniúil nó go leictreonach) atá i seilbh ag comhlacht poiblí faoi réir eisceachtaí áirithe, lena n-áirítear eisceachtaí a bhaineann le faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de nó faisnéis phearsanta. Ba chóir gach iarratas ar rochtain ar thaifid a bhaineann leis an mBord a chur faoi bhráid Rúnaí an Bhoird.

**3.10** ***Níor chóir go mbainfeadh Comhaltaí den Bhord tairbhe go díreach as cláir airgeadais an Bhoird***

Ach amháin sa chás go measann an Cathaoirleach agus an Stiúrthóir go bhfuil cúinsí eisceachtúla ann, níor chóir don Bhord aon earraí (ábhar leabharlainne san áireamh) ná seirbhísí a cheannach ó chomhalta Boird.

**3.11** ***Má bhíonn amhras ann, rachaidh Comhaltaí i gcomhairle leis an gCathaoirleach chun ciall a bhaint as tábhacht na dtreoirlínte seo.***

Má bhíonn amhras ar chomhalta Boird an éilítear sa Chód seo go nochtfar leas atá aige nó aici féin nó ag duine bainteach, ba chóir don chomhalta sin dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach nó leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

**3.12** ***Baineann an cód seo go comhchothrom leis an gCathaoirleach***

Má thagann ní chun cinn a bhaineann le leasanna an Chathaoirligh, ba chóir dó nó di Comhalta eile den Bhord a ainmniú le bheith ina cathaoirleach nó ina chathaoirleach ar an gcruinniú agus imeacht ón gcruinniú fad a bheidh plé nó cinneadh á dhéanamh ag an mBord ar ní mar sin

**3.13** ***Más rud é gur dócha go mbeidh coinbhleacht leasa ann i gcás Comhaltaí áirithe, ní bhfaighidh na Comhaltaí sin na doiciméid sna cásanna sin***

I gcás doiciméid de chuid an Bhoird maidir le haon chás a bhaineann le haon phlé leis na leasanna thuasluaite, ní chuirfear ar fáil iad don Chomhalta lena mbaineann sula nglacfar cinneadh. Cuirfear an Comhalta ar an eolas faoi chinntí nuair a ghlacfar iad.

**3.14** ***Déanfaidh comhaltaí athbhreithniú leanúnach ar na treoirlínte seo***

Ós rud é go n-aithnítear gur féidir leasanna Comhalta agus daoine atá bainteach leis nó léi athrú agus gan ach fógra gairid ann ina leith, má tharlaíonn go bhfaigheann sé nó sí doiciméid a bhaineann lena leasanna nó leasanna duine atá bainteach leis nó léi, cuirfidh sé nó sí na doiciméid ar ais chuig an Rúnaí a luaithe agus is féidir.

**3.15** ***Tabharfaidh an Cathaoirleach breithiúnas má bhíonn amhras ann***

I gcás go dtiocfaidh ceist chun cinn maidir le cibé acu an mbaineann cás le leasanna Comhalta nó duine nó comhlachta atá bainteach leis an gComhalta sin nó nach mbaineann, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird an cheist a shocrú.

**3.16** Pléifidh iarchomhaltaí den Bhord leis an bhfaisnéis go léir a fuarthas agus iad ag gníomhú sa cháil sin mar fhaisnéis faoi rún. Níor chóir d'iarchomhaltaí den Bhord aon doiciméid a fuarthas le linn a dtéarmaí mar chomhaltaí a choinneáil agus ba chóir dóibh aon doiciméid mar sin a chur ar ais chuig an Rúnaí nó, mar mhalairt, a chur in iúl don Rúnaí go bhfuiltear tar éis gach doiciméad mar sin a dhiúscairt ar bhealach cuí.  Má bhíonn páipéir Bhoird a bhaineann lena dtéarma ar an mBord ag teastáil ó iarchomhaltaí den Bhord, féadfaidh Rúnaí an Bhoird é sin a shocrú.

## 4. Iniúchadh Inmheánach

**4.1** Beidh feidhm iniúchóireachta inmheánaí i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a thabharfaidh tuairisc don Bhord ar a cuid gníomhaíochtaí tríd an gCoiste Iniúchóireachta.

**4.2** Triúr comhaltaí ar a laghad a bheidh ar an gCoiste Iniúchóireachta, beirt chomhaltaí den Bhord ar a laghad air agus comhalta den Bhord a bheidh mar cathaoirleach air. Beidh taithí airgeadais chuí a fuarthas le déanaí ag comhalta amháin. Is é an Bord a dhéanfaidh an Coiste Iniúchóireachta a cheapadh. Beidh cairt agus téarmaí tagartha scríofa ann ina bpléifear go soiléir le húdarás agus le dualgais an choiste. Tá siad sin le fáil in Aguisín 2 agus in Aguisín 3 agus déanfaidh an Bord athbhreithniú orthu go tráthrialta.

**4.3** Tá údarás sainráite ag an gCoiste Iniúchóireachta imscrúdú a dhéanamh ar aon nithe a thiteann faoi théarmaí tagartha an Choiste; teacht aige ar na hacmhainní a theastóidh leis sin a dhéanamh chomh maith le teacht iomlán ar fhaisnéis.

**4.4** Féadfaidh an Coiste Iniúchóireachta comhairle ghairmiúil sheachtrach a fháil agus, más gá, iarraidh ar dhaoine seachtracha a bhfuil taithí chuí acu freastal ar chruinnithe.

**4.5** Tabharfaidh an Coiste Iniúchóireachta deis d'iniúchóirí seachtracha Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste) cruinniú a bheith leis an gCoiste Iniúchóireachta uair sa bhliain.

# 5. Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

**5.1 Beartas:**

**5.1.1** Déanfaidh an Leabharlann Náisiúnta an glacadh le creat lena rialálfar rialú inmheánach airgeadais a cheadú chomh maith le faireachán a dhéanamh air.

**5.1.2** Agus beartais ann don rialú inmheánach airgeadais, déanfar a chinntiú go mbeifear ag cloí le ceanglais bhunreachtúla agus reachtúla agus le hoibleagáidí ó thaobh cuntasachta de don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus don Roinn Airgeadais.

**5.1.3** Tá na beartais ceaptha lena chinntiú go ndéanfaidh na cleachtais chuntasaíochta gach caighdeán cuntasaíochta ábhartha a shásamh.

**5.1.4** Tá an méid seo a leanas ar a laghad mar chuid de bheartais chuntasaíochta:

- ③ Déanfar ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn fabhraithe seachas i gcás deontais ón Oireachtas.
- ③ Déanfar sócmhainní seasta inláimhsithe a shonrú ar a gcostas lúide dímheas carnach.
- ③ Déanfar dímheas a áireamh ar bhonn líne dhíreach thar a saolré fhónta ionchais ar na rátaí seo a leanas:
    - Trealamh ríomhaireachta 4 bliana
    - Trealamh oifige agus leabharlainne 5 bliana
    - Troscán agus feistis 10 mbliana
- ③ Déanfar bailiúcháin arna bhfáil tar éis bhunú an Bhoird i mBealtaine 2005 a bhfuil costas nó luacháil os cionn €5,000 ag baint leo a nochtadh mar shócmhainní Oidhreachta ar an gClár Comhardaithe.
- ③ Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a dhímheas, is cuma má cheannaítear iad, má bhronntar iad nó má fhaightear iad faoi chóipcheart.
- ③ Déanfar bailiúcháin arna gceannach ag an Leabharlann ar chostas níos lú ná €5,000 a ghearradh ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

**5.2 Tarmligean Airgeadais:**

**5.2.1** Glacfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann beartas scríofa ina luafar teorainneacha údaraithe agus caiteachais chun ceannach a údarú, airgead a chaitheamh agus conarthaí a shíniú. Cuirfear critéir ar bun i gcomhréir leis na beartais a ghlacfaidh an Bord agus a ndéanfaidh an Bord iad a cheadú.

**5.2.2** Déanfaidh an Leabharlann Náisiúnta athbhreithniú ar na teorainneacha údaraithe agus caiteachais gach bliain.

**5.3 Rialuithe Inmheánacha:**

**5.3.1** Déanfar nósanna imeachtaí airgeadais a thaifeadadh
**5.3.2** Déanfar gach íocaíocht a údarú i gcomhréir le teorainneacha sonraithe
**5.3.3** Beidh doiciméid tacaíochta ag gabháil le gach íocaíocht agus le gach aisíocaíocht costas
**5.3.4** Ar mhaithe leis an riosca calaoise a laghdú oiread is féidir, bainfidh an Leabharlann Náisiúnta feidhm as leithscaradh dualgas agus/nó údarú lena chinntiú nach mbeidh aon duine amháin i gceannas ar phróiseas iomlán beartaíochta
**5.3.5** Cuirfear 2 shíniú ar a laghad le gach seic
**5.3.6** Ní dhéanfaidh sínitheoirí seiceanna seic bán a shíniú in am ar bith

**5.4 Iniúchadh Bliantúil:**

**5.4.1** An Stiúrthóir atá mar Oifigeach Cuntasaíochta ar son Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
**5.4.2** Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a dhéanann iniúchadh ar na cuntais
**5.4.3** Is iad an Stiúrthóir agus Cathaoirleach an Bhoird a chuirfidh a n-ainm leis na ráitis airgeadais iniúchta

**5.5 Bainistíocht Sócmhainní:**

**5.5.1** Beidh clár sócmhainní ag an Leabharlann Náisiúnta ina ndéanfar taifead de gach mír ar luach ábharach mar atá leagtha amach sna nósanna imeachta airgeadais
**5.5.2** Déanfar an clár sócmhainní a réiteach leis an mórleabhar ginearálta gach bliain
**5.5.3** Beidh beartas scríofa ag an Leabharlann ina gclúdófar sócmhainní a fháil agus a dhiúscairt

**5.6 Tuairisciú Airgeadais:**

**5.6.1** Déanfar tuarascálacha airgeadais a ullmhú ar bhonn ráithiúil. Sna tuarascálacha sin tabharfar an fhaisnéis airgeadais go léir a bheadh ábhartha agus iontaofa i bpróiseas déanta cinntí an lucht bainistíochta agus an Bhoird stiúrthóirí.
**5.6.2** Mar chuid den tuairisciú beidh an fheidhmíocht ráithiúil, feidhmíocht na bliana go dáta agus feidhmíocht ó thaobh buiséid de.

**5.7 Bainistiú Buiséid:**

**5.7.1** Déanfar buiséid a ullmhú go bliantúil
**5.7.2** An Bord a dhéanfaidh buiséid a cheadú
**5.7.3** Déanfaidh an lucht bainistíochta athbhreithniú ar athraitheas na n-ábhar ón mbuiséad

**5.8 Soláthar**

**5.8.1** Sonrófar míreanna suntasacha caiteachais don bhliain sa bhuiséad bliantúil agus déanfaidh an Bord iad a fhormheas. Déanfar cás gnó a ullmhú do gach ceannachán ábhair roimh an tairiscint nó ceannachán.

**5.8.2** Cloífidh an Leabharlann Náisiúnta leis na nósanna imeachta ábhartha go léir, náisiúnta agus de chuid an AE, a bhaineann le cúrsaí soláthair.

### 5.9 Taisteal agus Costais

**5.9.1** Ó thaobh costais taistil agus chothaithe de, cloífidh an Leabharlann Náisiúnta le nósanna imeachta na státseirbhíse mar a leagtar amach iad ó am go chéile i dtreoraíocht arna heisiúint ag an Roinn Airgeadais.
**5.9.2** An cuspóir a bheidh ann i dtólamh ná lena chinntiú go bhfaighfear an luach is fearr ar airgead i leith gach turas oifigiúil a rachfar air le riachtanais oifigiúla ghnó a chomhlíonadh.

## 6. Cód Iompair Gnó do Chomhaltaí Boird agus do Bhaill Foirne

**Cuspóir agus raon feidhme**

Is é is cuspóir don Chód seo treoir shoiléir a thabhairt don Bhord agus dá bhaill foirne ó thaobh iompair de agus iad ag plé leis an bpobal, le gníomhaireachtaí poiblí eile, le conraitheoirí agus le soláthraithe seirbhíse eile nó trádálaithe eile.

**Cuspóirí**

Is iad seo cuspóirí an chóid seo:-

- sraith de phrionsabail chomhaontaithe a leagan síos chun treoir a thabhairt in obair na Leabharlainne Náisiúnta, chun tairbhe baill agus baill foirne den Leabharlann, agus athbhreithniú a dhéanamh ar na prionsabail sin ó am go chéile lena chinntiú go ndéanfar na caighdeáin a cheanglaítear le reacht i bhfeidhmíocht na seirbhíse poiblí a shásamh nó a shárú;

- muinín agus iontaoibh an phobail sa Leabharlann agus ina cuid oibre a chur chun cinn agus a chaomhnú.

**Prionsabail Ghinearálta**

Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn faoin gCód Cleachtais:-

**6. 1 Déanfar na nithe seo a chinntiú ionas go mbeidh an Leabharlann Náisiúnta ag feidhmiú go hionraic:**

- go ndéanfaidh comhaltaí Boird leasanna seachtracha fostaíochta nó gnó a nochtadh atá i gcoimhlint, nó a d’fhéadfadh a bheith i gcoimhlint, le gnó na Leabharlainne;

- nach mbeidh an lucht bainistíochta ná fostaithe bainteach ná páirteach le leasanna seachtracha fostaíochta/gnó atá i gcoimhlint, nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint, le gnó na Leabharlainne;

- maidir le bronntanais chorparáideacha, urraíocht, fáilteachas, cóireáil fhabhrach nó buntáistí a fháil nó a thabhairt a d'fhéadfadh cur isteach ar chumas an deontóra nó an fhaighteora cinntí neamhspleácha a dhéanamh maidir le hidirbhearta gnó, nó an chuma sin a chur ar chúrsaí, go ndéanfar iad sin a sheachaint;

- go ndéanfar earraí nó seirbhísí a cheannach i gcomhréir leis an dea-chleachtas gnó;

- go léireofar feidhmíocht na Leabharlainne go cruinn sna tuarascálacha agus ráitis airgeadais agus nach mbeidh siad sin míthreorach ná deartha le bheith míthreorach;

- nach n-úsáidfear acmhainní na Leabharlainne i gcomhair luaíocht phearsanta.

**6.2 Cuirfidh an Leabharlann Náisiúnta an trédhearcacht agus an chuntasacht chun cinn ar na bealaí seo:**

- comhlíonfar na forálacha reachtúla ábhartha (mar shampla, an reachtaíocht um chosaint sonraí,
na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise);

- déanfar a chinntiú go mbeifear in ann teacht go héasca ar eolas ginearálta maidir le gníomhaíochtaí na
Leabharlainne;

- léireofar meas ar rúndacht faisnéise íogair, cuir i gcás: faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de, faisnéis phearsanta, agus faisnéis a fuarthas faoi rún (atá ag teacht leis an gceanglas go mbeidh trédhearcacht ann agus cistí poiblí á dtabhairt amach);

- tabharfar faoi chomhairliúchán iomchuí roimh ré le tríú páirtithe nuair a bhíonn sé beartaithe, i gcásanna eisceachtúla, faisnéis íogair a scaoileadh ar mhaithe le leas an phobail.

**6.3 Comhlíonfaidh an Leabharlann Náisiúnta a hoibleagáidí reachtúla agus rialála ar na bealaí seo:**

- cloífear le nósanna imeachta mionsonraithe tairisceana agus soláthair, agus le leibhéil fhorordaithe údaráis i dtaobh aon chaiteachas ábhartha a cheadú;

- tabharfar rialuithe isteach chun calaois a chosc, lena n-áirítear rialuithe leordhóthanacha lena chinntiú go gcomhlíonfar na nósanna imeachta forordaithe maidir le costais taistil gnó a éileamh;

- déanfar a chinntiú go ndéanfaidh comhaltaí Boird gach iarracht réasúnta freastal ar gach lánchruinniú.

**6.4 Aithneoidh an Leabharlann Náisiúnta na nithe seo a leanas sa phlé a bheidh ag an Leabharlann leis an earnáil phoiblí, phríobháideach agus dheonach le dílseacht, cuibheas agus cothroime a chur chun cinn:**

- an dualgas atá ar gach comhalta Boird agus ball foirne na caighdeáin eitice gnó is airde a chomhlíonadh;
- an fhreagracht atá ar chomhaltaí Boird a bheith dílis don Leabharlann agus iomlán tiomanta ó thaobh spriocanna agus leasanna na Leabharlainne a chur chun cinn de;
- an gá atá ann cloí leis an reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta agus stádas comhionann;
- tiomantas i leith cothroime agus cóir chomhionann gach uair a bhítear ag plé leis an bpobal.

**6.5 Beidh an Leabharlann Náisiúnta ag feidhmiú go freagrach mar fhostóir agus mar ghníomhaireacht phoiblí ar na bealaí seo:**

- tabharfar an tosaíocht is airde do shláinte agus sábháilteacht fostaithe a chur chun cinn agus a chaomhnú;
- scaipfear an Cód Iompair Gnó seo agus doiciméad beartais ar nochtadh leasanna ar na comhaltaí Boird, ar an lucht bainistíochta agus ar na fostaithe go léir le go gcoinneoidh siad iad, agus déanfar a chinntiú go dtuigfear na himpleachtaí iontu, agus go ndéanfar plé ar aon mhíniú ar a dtionchar reatha nó ionchais, nó ar aon cheisteanna eitice a thiocfadh as a gcur chun feidhme;
- déanfar athbhreithniú ar an gCód seo ar bhonn rialta.

## 7. Seirbhís Phoiblí Ardchaighdeáin

Beidh gníomhartha an Bhoird ag teacht le Prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus Cliaint na Seirbhíse Poiblí mar atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ón Roinn Airgeadais.

Agus foireann na Leabharlainne Náisiúnta ag plé leis an bpobal, déanfar na nithe seo:

### *Caighdeáin Cáilíochta Seirbhíse*

Ráiteas a fhoilsiú ina dtugtar achoimre ar an gcineál seirbhíse agus ar chaighdeán na seirbhíse a bheidh ag an gcustaiméir agus an ráiteas sin a thaispeáint go feiceálach áit a gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

### *Comhionannas/Éagsúlacht*

Na cearta chun córa comhionainne arna mbunú le reachtaíocht chomhionannais a chinntiú, agus freastal a dhéanamh ar an éagsúlacht, le go gcuirfear leis an

gcomhionannas i gcás grúpaí a thagann faoi scáth na reachtaíochta comhionannais (faoi fhorais inscne, stádais pósta, stádais teaghlaigh, gnéaschlaonta, creidimh, aoise, míchumais, cine nó toisc gur den lucht siúil iad).

Bacainní a shonrú agus deireadh a chur leo, is iad sin bacainní roimh dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta teacht ar sheirbhísí, agus rompu siúd atá ag dul i ngleic le bacainní teacht ar sheirbhísí mar gheall ar chúrsaí áite.

***Rochtain Fhisiciúil***

Oifigí poiblí glana inrochtana príobháideacha a chur ar fáil atá ag cloí le caighdeáin ghairme agus sábháilteachta agus, chuige sin, atá inrochtana ag daoine atá faoi mhíchumas agus daoine eile a bhfuil riachtanais faoi leith acu.

***Eolas***

Cur chuige onnghníomhach a ghlacadh le heolas soiléir tráthúil cruinn a chur ar fáil, a bheidh ar fáil i ngach pointe teagmhála agus a dhéanfaidh freastal ar dhaoine a bhfuil riachtanais ar leith acu. Déanfar a chinntiú go mbainfear gach leas as an méid atá ar fáil leis an Teicneolaíocht Faisnéise agus go mbeidh an t-eolas ar shuíomhanna gréasáin seirbhíse poiblí ag teacht leis na treoirlínte maidir le hábhar a fhoilsiú ar an ngréasán. Leanfar leis an bhfeachtas le rialacha, rialacháin, foirmeacha, bileoga eolais agus nósanna imeachta a shimpliú.

***Amlínte agus Cúirtéis***

Seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil, cúirtéis agus cáiréis a léiriú, agus gan aon mhoill gan chúis a bheith ann. Meas a chothú idir an soláthraí agus an custaiméir.
Ainmneacha teagmhála a thabhairt i ngach píosa cumarsáide le cúrsaí a éascú i rith an ama.

***Gearáin***

I gcás gearáin faoin gcáilíocht seirbhíse a cuireadh ar fáil, córas a chur ar fáil a bheidh poiblithe, inrochtana, trédhearcach agus simplí a úsáid.

***Achomhairc***

Ar an gcuma chéanna, córas achomhairc/athbhreithnithe atá foirmiúil, poiblithe, inrochtana, trédhearcach agus simplí a choinneáil i bhfeidhm le haghaidh custaiméirí nach mbíonn sásta le cinntí a bhaineann le seirbhísí.

***Comhairliúchán agus Measúnú***

Cur chuige struchtúrtha a chur ar fáil le go bhféadfar dul i gcomhairle leis an gcustaiméir, agus le go bhféadfaidh an custaiméir a bheith páirteach, maidir le seirbhísí a fhorbairt, a sholáthar agus a athbhreithniú. A chinntiú go ndéanfar measúnú fiúntach ar an soláthar seirbhísí.

***Roghanna***

Roghanna a chur ar fáil, más féidir, agus seirbhísí á gcur ar fáil, modhanna íocaíochta, suíomh pointí teagmhála, uaireanta oscailte agus amanna seachadta ina measc. Úsáid a bhaint as na cineálacha teicneolaíochta atá ar fáil agus atá ag teacht chun cinn lena chinntiú go mbeidh an leibhéal is airde rochtana agus rogha ann chomh maith le soláthar ardchaighdeáin.

***Comhionannas idir na Teangacha Oifigiúla***

Seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach agus custaiméirí a chur ar an eolas maidir leis an gceart atá acu a rogha féin a dhéanamh ceann den dá theanga oifigiúla a úsáid.

***Comheagar níos fearr***

Cur chuige a bheidh níos comheagraithe agus níos comhtháithe a chothú i leith seirbhísí poiblí a sholáthar.

***Custaiméir Inmheánach***

A chinntiú go n-aithnítear gur custaiméirí inmheánacha iad na baill foirne agus go dtugtar tacaíocht dóibhsean mar is cuí agus go dtéitear i gcomhairle leo i dtaca le ceisteanna a bhaineann le soláthar seirbhísí.

## 8. Treoirlínte maidir le táillí a íoc leis an gCathaoirleach ar an mBord, le Comhaltaí Boird, leis an Stiúrthóir nó le feidhmeannaigh eile

**8.1** Déanfaidh an Bord a chinntiú go gcloífear le haon ordú a bhainfidh le táillí a íoc leis an gCathaoirleach nó le comhaltaí Boird.

**8.2** Cloífidh an Bord go docht leis na socruithe arna moladh ag an nGasra Athbhreithnithe ar Luach Saothair maidir le haon táillí a bheidh iníoctha leis an Stiúrthóir as stiúrthóireachtaí.

**8.3** Beidh cead ag feidhmeannach seachas an Stiúrthóir, faoi réir ceadú ón mBord, a bheith mar chomhalta ar na Boird nó comhlachtaí nach fochuideachtaí de chuid an phríomhchomhlachta iad nó nach bhfuil bainteach leis, agus gan glacadh le níos mó ná dhá tháille i leith an chomhaltais sin.

**8.4** Mar pháirt den socrú don tuairisciú a cuireadh i bhfeidhm faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird tuarascáil a thaisceadh gach bliain lena dheimhniú go bhfuiltear ag cloí leis na treoirlínte thuasluaite. Beidh sonraí maidir le costais a íoctar le comhaltaí Boird mar chuid den tuarascáil bhliantúil.

**8.5** I gcásanna ina n-iarrtar ar chomhalta den Bhord seirbhís ghairmiúil a sholáthar don Bhord agus más toradh ar sholáthar na seirbhíse sin go gcaillfidh an comhalta sin ioncam gairmiúil, féadfaidh an Stiúrthóir, tar éis dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach, íocaíocht a dhéanamh leis an gcomhalta ar mhéid a

bheadh mar an gcéanna leis an táille a bheadh fóirsteanach a d'íocfaí le duine nach comhalta den Bhord é nó í sna cúinsí céanna.

# AGUISÍN 1

## Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

**- Stiúrthóireachtaí Ainmnithe -**

## Ráiteas maidir le Leasanna chun críocha Alt 17 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Is cóir **CEANNLITREACHA** a úsáid

| | |
|---|---|
| **Ainm:** | |
| **Teideal na Stiúrthóireachta Ainmnithe atá ann** (mar shampla, comhalta boird, srl.)**:** | |
| **Comhlacht Poiblí:** | |
| **Dáta an Cheapacháin:** | |
| **Tréimhse a chuimsítear sa Ráiteas seo** (i.e. an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig nó cuid de sin)**:** | |
| **Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais:** | |

I dtaca le gach ceann de na leasanna in-nochta seo a leanas faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, ba chóir duit aon leas atá **agat féin** a lua chomh maith le haon leasanna atá, de réir d'eolais iarbhír, **ag do chéile**[1] **nó ag do pháirtnéir sibhialta**[2]**, ag leanbh de do**

**chuid, nó ag leanbh do chuid de chéile**, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha[3] a imirt ort agus do chuid feidhmeanna oifigiúla á gcomhlíonadh agat nó i dtaca leis na feidhmeanna sin a chomhlíonadh. **Ní gá méid ná luach airgeadúil na leasanna a shonrú.** Tá nótaí míniúcháin maidir le cuid de na ráitis riachtanacha ceangailte leis seo.

## 1. IONCAM GAIRME, SRL.

Ba cheart sonraí a thabhairt anseo maidir le haon cheird, proifisiún, fostaíocht, gairm nó slí bheatha eile (seachas an stiúrthóireacht a luaitear ar an gcéad leathanach den fhoirm seo) lenar bhain luach saothair ní b'airde ná €2,600, le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo.

| Cur Síos ar an nGairm | Seoladh Gnó |
|---|---|
| **An duine féin:** | |
| **Céile nó Páirtí Sibhialta nó Leanbh (ainm):** | |

## 2. SCAIREANNA, SRL.

Ba chóir sonraí a thabhairt anseo maidir le haon scaireanna i gcuideachta nó fiontar nó gnóthas eile ar leith, nó bannaí nó bintiúir de chuid cuideachta nó fiontair nó gnóthais eile ar leith, nó aon infheistíochtaí mar sin i gcuideachta nó fiontar nó gnóthas eile ar leith, más rud é go raibh luach comhiomlán an tsealúchais ní b'airde ná €13,000 in aon am le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo[4].

| An Cineál Sealúchais | Áit | Cineál Gnó |
|---|---|---|
| **An duine féin:** | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Céile nó Páirtí Sibhialta nó Leanbh (ainm):** | | |

## 3. STIÚRTHÓIREACHTAÍ

Ba cheart na sonraí a thabhairt anseo maidir le haon stiúrthóireacht nó stiúrthóireacht fholaitheach ar aon chuideachta[5] le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo[6].

| An Cineál Stiúrthóireachta | Seoladh Gnó | Cineál Gnó |
|---|---|---|
| **An duine féin:** | | |
| **Céile nó Páirtí Sibhialta nó Leanbh (ainm):** | | |

## 4. TALAMH (SEACHAS TEACH PRÍOBHÁIDEACH[7])

Ba cheart sonraí a thabhairt anseo maidir le haon leas i dtalamh má tharla gur éirigh an leas sin ní b'airde ná €13,000 in aon am le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, lena n-áirítear
-

(i) aon chonradh a rinneadh chun talamh a cheannach, cibé acu ar íocadh éarlais nó páirtíocaíocht faoin gconradh nó nár íocadh; agus

(ii) aon rogha atá ann talamh a cheannach, cibé acu ar íocadh comaoin ina leith nó nár íocadh, nó talamh a bhfuil leas bainte as rogha mar sin ina leith ach nach ndearnadh é a thíolacadh fós.

| Seoladh na Maoine | An úsáid a bhaintear aisti |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **An duine féin:** | |
| **Céile nó Páirtí Sibhialta nó Leanbh (ainm):** | |

## 5. TAISTEAL, LÓISTÍN, BÉILÍ, SRL.

Ba cheart sonraí a thabhairt anseo maidir le saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht a cuireadh ar fáil le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, bíodh gur cuireadh ar fáil iad saor in aisce nó ar phraghas a bhí ní ba lú ná an praghas nó ná praghsanna tráchtála[8].

| Cur Síos Iomlán | Ainm agus Seoladh an tSoláthraí |
|---|---|
| **An duine féin:** | |
| **Céile nó Páirtí Sibhialta nó Leanbh (ainm):** | |

## 6. POIST EILE AR TUARASTAL

Ba cheart sonraí a thabhairt anseo maidir le haon phost eile a bhfuil tuarastal ag gabháil leis atá ag an duine mar bhrústocaire, sainchomhairleoir nó comhairleoir polaitíochta nó gnóthaí poiblí le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo.

| Cur Síos Iomlán ar an bPost | Ainm agus seoladh an Duine / na Cuideachta / na hEagraíochta |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **An duine féin:** | |
| **Céile nó Páirtí Sibhialta nó Leanbh (ainm):** | |

## 7. CONARTHAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

Ba cheart sonraí a thabhairt anseo maidir le haon chonradh a raibh an duine atá i gceist mar pháirtí ina leith, nó a raibh leas díreach nó indíreach ag an duine ann, chun earraí nó seirbhísí a sholáthar d'Aire de chuid an Rialtais nó do chomhlacht poiblí le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, má d'éirigh luach na n-earraí nó na seirbhísí a soláthraíodh ní b'airde ná €6,500 nó, i gcás gur soláthraíodh earraí nó seirbhísí eile faoi chonradh mar sin má d'éirigh comhiomlán a luach siúd agus an luach thuasluaite ní b'airde ná €6,500.

| Cur Síos ar an gConradh agus ar an Leas | Ainm agus Seoladh an Chonraitheora | An tAire / an Comhlacht Poiblí atá i gceist |
|---|---|---|
| **An duine féin:** | | |
| **Céile nó Páirtí Sibhialta nó Leanbh (ainm):** | | |

## 8. BRONNTANAIS, MAOIN agus SEIRBHÍSÍ

Ba cheart sonraí:

(i) maidir le haon bhronntanas a tugadh le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo[9];

(ii) maidir le maoin arna soláthar nó arna tabhairt ar iasacht, nó seirbhís arna soláthar, don duine, uair amháin nó ní ba mhinice ná sin, ag an duine céanna, le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, ar chomaoin nó comaoineacha, nó ar phraghas nó praghsanna a bhí thar €650 ní ba lú ná an chomaoin nó na comaoineacha tráchtála, nó an praghas nó na praghsanna tráchtála; agus

(iii) maidir le maoin nó arna tabhairt ar iasacht, nó seirbhís arna soláthar, don duine, uair amháin nó ní ba mhinice ná sin, ag an duine céanna, le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, saor in aisce má bhí an chomaoin nó na comaoineacha tráchtála, nó an praghas nó na praghsanna tráchtála, ní b'airde ná €650[10];

a thabhairt anseo[11].

| Cur Síos Iomlán ar Bhronntanas, Maoin agus/nó Seirbhís | Ainm agus Seoladh an Bhronntóra, an tSoláthraí agus/nó an Iasachtóra |
|---|---|
| **An duine féin:** | |
| **Céile nó Páirtí Sibhialta nó Leanbh (ainm):** | |

## 9. LEASANNA EILE

I gcomhréir leis na forálacha in Alt 30 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, is féidir ráitis dheonacha a thabhairt anseo i dtaobh aon leasanna nach sonraítear sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht sin (i.e., seachas iad sin a shonraítear in idir 1. go 8. thuas), agus atá i seilbh **agatsa nó ag do chéile nó ag do pháirtnéir sibhialta, nó ag leanbh de do chuid nó de chuid do chéile**, má mheastar go bhféadfadh na leasanna sin tionchar ábhartha a imirt ortsa nó a imirt agus do chuid dualgas oifigiúil á gcomhlíonadh agat.

| |
|---|
| **An duine féin:** |

| |
|---|
| **Céile nó Páirtí Sibhialta nó Leanbh (ainm):** |

**AN OIBLEAGÁID LEAS ÁBHARTHA A NOCHTADH I bhFEIDHM OIFIGIÚIL**

Tuigim na hoibleagáidí atá curtha orm faoi Alt 17(1)(b) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995[12].

**Síniú:** ___________________________ **Dáta:**

1 ní fholaíonn "*céile*", maidir le duine, céile de chuid an duine atá ina chónaí nó ina cónaí ar leithligh agus ar deighilt ón duine;

2 ciallaíonn "*páirtnéir sibhialta*", maidir le duine, páirtnéir sibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010* ach ní fholaíonn sé páirtnéir sibhialta atá ina chónaí nó ina cónaí ar leithligh agus ar deighilt ón duine;

3 a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ort nó i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna na stiúrthóireachta de bharr go bhféadfadh an comhlíonadh sin dul i bhfeidhm ar na leasanna sin go dtabharfaí tairbhe duitse nó do do chéile nó páirtnéir sibhialta nó leanbh de do chuid nó leanbh do chéile nó go gcoimeádfaí tairbhe siar uaitse nó duine acu siúd.

4 ní fholaíonn "*sealúchas*" airgead i gcuntas reatha ná taisce, ná cuntas eile mar sin in institiúid airgeadais.

5 is é is ciall le "*cuideachta*" aon chomhlacht corparáideach;

6 is é is ciall le "*stiúrthóireacht fholaitheach*" an post atá ag an duine atá mar scáthstiúrthóir de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, nó, i gcás comhlacht poiblí nach cuideachta é (de réir bhrí acht na gCuideachtaí, 1963) agus atá sonraithe i bhfomhír (8), (9), (10), (11), nó (12), nó atá forordaithe chun críocha fhomhír (13) d'alt 1 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, an post atá ag an duine ar gnáth le comhaltaí an chomhlachta, nó comhaltaí an bhoird nó aon chomhlacht eile a dhéanann an comhlacht sin a rialú, a bhainistiú nó a riar, gníomhú de réir orduithe nó treoracha uaidh nó uaithi.

7 ach gan aon leas i dtalamh a áireamh arb é atá ann aon teach príobháideach de chuid an duine nó de chuid a chéile nó a céile nó a pháirtnéara shibhialta nó a páirtnéara shibhialta, is é sin le rá, foirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh atá ar áitiú ag an duine nó ag

a chéile nó a céile nó ag leanbh de chuid an duine nó de chuid an chéile mar theaghais ar leithligh agus aon ghairdín nó talamh eile a ghabhann leis an teaghais a áitítear de ghnáth, arb é atá ann talamh atá foghabhálach nó coimhdeach léi, a theastaíonn dá thaitneamhacht nó caoithiúlacht agus nach bhfuil á úsáid ná á fhorbairt go príomha ar chúiseanna tráchtála.

[8] ach gan iad seo a áireamh:

(a) saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht a chuirtear ar fáil - (i) laistigh den Stát, nó

(ii) i gcúrsa agus chun críocha na nithe seo

-

- comhlíonadh fheidhmeanna an duine mar shealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe, nó

- ceird, gairm, fostaíocht, glao nó slí bheatha eile an duine (seachas mar shealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe);

(b) saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht á soláthar don duine ag gaol nó páirtnéir sibhialta nó cara de chuid an duine, de chuid a chéile nó a céile, nó de chuid leanbh de chuid an duine nó de chuid a chéile nó a céile, i gcás go raibh an soláthar sin mar bhronntanas don duine agus go díreach ar chúiseanna pearsanta, ach amháin dá bhféadfaí féachaint ar ghlacadh na saoráidí, cóiríochta, béilí nó siamsaíochta sin go réasúnta mar nithe a d’fhéadfadh tionchar a imirt air nó uirthi agus é nó í ag comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar shealbhóir na stiúrthóireachta ainmnithe;

(c) saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht arna soláthar don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, saor in aisce más rud é nach raibh an praghas tráchtála, nó comhiomlán na bpraghsanna tráchtála, ar na saoráidí, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht ní b’airde ná €650; nó

(d) saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht arna soláthar don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, ar phraghas nó ar phraghsanna a bhí ní ba lú ná an praghas nó ná praghsanna tráchtála ar mhéid nár mhó ná €650.

[9] ach gan iad seo a áireamh -

(i) bronntanas don duine ó ghaol nó páirtnéir sibhialta nó cara de chuid an duine, nó de chuid a chéile nó a pháirtnéara shibhialta nó a céile nó a páirtnéara shibhialta, nó ó leanbh de chuid an duine nó de chuid a chéile nó a céile, go hiomlán chun críocha pearsanta, ach amháin dá bhféadfadh glacadh an duine leis an mbronntanas tionchar ábhartha a imirt air nó uirthi i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar shealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe; agus

(ii) bronntanas arna thabhairt don duine, nó bronntanais arna dtabhairt don duine, ag an duine céanna, le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, arb é luach, nó luach comhiomlán, na maoine ab ábhar don bhronntanas nó do na bronntanais suim nár mhó ná €650 in aon am le linn na tréimhse a chuimsítear leis an ráiteas.

[10] seachas maoin arna soláthar nó arna tabhairt ar iasacht, nó seirbhís arna soláthar don duine ó ghaol nó páirtnéir sibhialta nó cara de chuid an duine, nó de chuid a chéile nó a pháirtnéara shibhialta nó a céile nó a páirtnéara shibhialta, nó ó leanbh de chuid an duine nó de chuid a chéile nó a céile, i gcás go raibh an soláthar nó iasacht sin mar bhronntanas don duine go hiomlán chun críocha pearsanta, ach amháin dá bhféadfadh glacadh an duine leis an mbronntanas tionchar ábhartha a imirt air nó uirthi i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar shealbhóir stiúrthóireacht ainmnithe.

[11] sa mhéid go mbaineann na seirbhísí in (ii) agus (iii) le seirbhísí dlí nó leighis (seirbhísí síciatracha nó síceolaíochta ina measc), ní gá ach a lua gur cuireadh na seirbhísí ar fáil duit féin nó do dhuine (nach gá a ainmniú) nach mór duitse ráiteas a thabhairt ina leith.

[12] in aon chás ina mbíonn feidhm, nó feidhm aon oifige nó stádais eile atá i seilbh ag sealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe sa chomhlacht poiblí sin, le comhlíonadh agus ina mbíonn eolas iarbhír ag sealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe go mbeadh leas ábhartha i ní lena mbaineann an fheidhm aige féin nó aici féin nó ag duine bainteach laistigh de réir bhrí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus alt 97 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010, déanfaidh seisean nó sise ráiteas i scríbhinn ar na fíorais sin a ullmhú agus a thabhairt do stiúrthóirí eile an chomhlachta phoiblí agus don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus ní dhéanfaidh an fheidhm a chomhlíonadh ach amháin má bhíonn cúiseanna dosháraithe ann a d'éalódh aor nó uirthi a dhéanamh. Má bheartaíonn sealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe an fheidhm a chomhlíonadh, déanfaidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn ar na cúiseanna dosháraithe thuasluaite sin a ullmhú agus a thabhairt do stiúrthóirí eile an chomhlachta agus don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

**Eolas breise**

Tá eolas breise ar na ceanglais sna hAchtanna um Eitic agus tuilleadh sainmhínithe ábhartha leagtha amach sna treoirlínte d'fhostaithe poiblí ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a bhaineann leis na forálacha sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, a chomhlíonadh. I dteannta na dtreoirlínte, féadfaidh fostaithe sa tseirbhís phoiblí tuilleadh eolais nó comhairle a lorg ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (teil: 01 639 5666; ríomhphost: sipo@sipo.gov.ie) maidir le haon fhoráil sa reachtaíocht nó aon fhoráil mar sin a chur i bhfeidhm in aon chás ar leith.

ALT 17 DEN ACHT UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995

Ainmnithe **17.**—(1) Duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh stiúrthóireachtaí ainmnithe. stiúrthóireacht ar chomhlacht poiblí mar atá sonraithe i *bhfomhíreanna (8) go (12),* nó atá forordaithe faoi *fhomhír (13)*, de *mhír 1* den *Chéad Sceideal—*

(a) déanfaidh an duine sin, faoi réir *mhír 20 (3)*, ráiteas i scríbhinn a ullmhú agus a thabhairt don Choimisiún agus d’oifigeach de chuid an chomhlachta de réir mar a chinnfidh an tAire i ngach bliain iomlán nó i bpáirt a raibh nó a mbíonn an stiúrthóireacht aige nó aige maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) leasanna an duine, agus

(ii) leasanna a bhfuil eolas iarbhír aige nó aici atá ag a chéile nó a céile nó a pháirtnéir sibhialta nó a páirtnéir sibhialta nó leanbh de chuid an duine nó de chuid a chéile nó a céile, le linn na tréimhse cuí atá sonraithe in *alt 20 (1)* a d’fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an duine nó i dtaobh chomhlíonadh fheidhmeanna na stiúrthóireachta mar gheall ar go bhféadfadh an comhlíonadh sin tionchar a imirt ar na leasanna sin sa dóigh is go mbeadh tairbhe shuntasach ann don duine nó don chéile nó don pháirtnéir sibhialta nó go gcaillfidís an tairbhe sin, agus

(b) in aon chás ina mbíonn feidhm, nó feidhm aon oifige nó stádais eile atá i seilbh ag an duine sa chomhlacht poiblí sin, le comhlíonadh agus ina mbíonn eolas iarbhír aige nó aici go mbeadh leas ábhartha i ní lena mbaineann an fheidhm aige féin nó aici féin nó ag duine bainteach—

(i) déanfaidh an duine, a luaithe is féidir, ráiteas i scríbhinn maidir leis na fíorais sin a ullmhú agus a thabhairt do na stiúrthóirí eile ar an gcomhlacht,

(ii) ní dhéanfaidh an duine an fheidhm a chomhlíonadh ach amháin má bhíonn cúiseanna dosháraithe ann a fhágann gur gá dó nó di déanamh amhlaidh, agus

(iii) má bheartaíonn an duine an fheidhm a chomhlíonadh, déanfaidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn ar na cúiseanna dosháraithe thuasluaite sin a ullmhú agus a thabhairt do stiúrthóirí eile an chomhlachta agus don Choimisiún, roimh an gcomhlíonadh céanna nó, mura mbíonn sin indéanta go praiticiúil, a luaithe is féidir ina dhiaidh.

(2) Mar chuid de na téarmaí faoi stiúrthóireacht ainmnithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a bheith ag duine, measfar go mbeidh téarma ann go gcloífidh an duine leis an bhfo-alt sin.

## AGUISÍN 2

### CAIRT LE hAGHAIDH FHEIDHM INIÚCHÓIREACHTA INMHEÁNAÍ LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

**1. Beartas**

Tá sé mar bheartas ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann feidhm iniúchóireachta inmheánaí a fhorbairt a mbeidh acmhainní leordhóthanacha aici, agus tacaíocht a thabhairt don fheidhm sin, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

**2. Sainmhíniú**

An sainmhíniú a thugtar ar an Iniúchóireacht Inmheánach ná breithmheas neamhspleách ar leordhóthanacht, feidhmiú agus éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha ionas go mbainfear úsáid as acmhainní ar bhealach ceart, eacnamaíoch, éifeachtach agus éifeachtúil. Is é atá sa chóras rialuithe inmheánacha an bailiúchán iomlán de chórais agus nósanna imeachta, idir na cinn a bhaineann le cúrsaí airgeadais agus cinn eile, a úsáideann an lucht bainistíochta chun cuspóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a bhaint amach, lena chinntiú go gcloítear le beartais, chun sócmhainní a chosaint agus chun iomláine agus cruinneas taifead a bhaint amach oiread agus is féidir.

**3. Raon feidhme agus údarás**

Is é Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a thugann údarás d’fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí, agus is faoi mhaoirseacht ghinearálta an Choiste Iniúchóireachta atá an fheidhm sin ag obair.

Cuimseofar gach gníomhaíocht de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann san Iniúchóireacht Inmheánach.

Tá údarás ag feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí tabhairt faoi chlár cuimsitheach d’iniúchóireacht inmheánach i ngach réimse oibríochta i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

**4. Neamhspleáchas**

Tá an Iniúchóireacht Inmheánach neamhspleách ar na gníomhaíochtaí ar fad a ndéantar iniúchadh orthu sa dóigh is gur féidir a bheith idir oibiachtúil agus neamhspleách. Níl aon fhreagrachtaí ag an Iniúchóireacht Inmheánach go díreach as aon ghníomhaíochtaí ná oibríochtaí a ndéantar athbhreithniú orthu, ná as córais den rialú inmheánach a chur chun feidhme. Lucht na bainistíochta atá freagrach astu sin agus as a chinntiú go bhfuil socruithe sásúla cuí i bhfeidhm.

## 5. Ról agus freagrachtaí

Is é atá i bhfeidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí ná seirbhís do Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, don Stiúrthóir (mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin mar atá sonraithe in Alt 29 (2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997) agus don lucht bainistíochta. An príomhról atá ag an Iniúchóireacht Inmheánach dearbhú a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta agus don Stiúrthóir, atá freagrach don Bhord, i dtaca le sásúlacht chóras Leabharlann Náisiúnta na hÉireann um an rialú inmheánach.

Tá an Iniúchóireacht Inmheánach freagrach as clár straitéiseach oibre trí bliana a chur le chéile d'fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí. Is é an Bord a dhéanfaidh an clár a fhormheas ar mholadh an Choiste Iniúchóireachta agus i gcomhairle leis an Stiúrthóir. Déanfar athbhreithniú gach trí bliana ar na seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí a chuirtear ar fáil.

Tá an Iniúchóireacht Inmheánach freagrach as dearbhú iniúchóireachta a thabhairt le go ndéanfar gach riosca suntasach oibriúcháin a aithint, a bhainistiú agus a rialú. Féachfar le heasnaimh nó laigí i gcórais a aithint, tuairisciú ina leith agus moltaí oiriúnacha a thabhairt. Leis sin a dhéanamh, déanfar na nithe seo a leanas a scrúdú go tomhaiste agus go hoibiachtúil ar bhonn rioscabhunaithe:

- Sásúlacht agus iontaofacht córas agus nósanna imeachta;
- Comhlíonadh rialuithe bainistíochta;
- Comhlíonadh cuspóirí agus straitéisí corparáideacha;
- Comhlíonadh dlíthe agus rialachán;
- Iontaofacht agus sláine na faisnéise bainistíochta;
- Na socruithe le sócmhainní a fháil, le cúram a dhéanamh díobh agus le hiad a chur de lámh, agus socruithe lena dheimhniú gurb ann do na sócmhainní sin
- Na socruithe le saothair a fháil do chnuasach Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus le hiad a chaomhnú agus a chothabháil, agus socruithe chun an cnuasach a mhéadú
- Socruithe le go mbainfear úsáid as acmhainní ar bhealach a bheidh barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach, agus
- Aon réimsí oibriúcháin eile de réir mar a chinnfear a leithéid ó am go chéile

## 6. Tuairisciú

Beidh an Iniúchóireacht Inmheánach ag tuairisciú go díreach do Choiste Iniúchóireachta an Bhoird chomh maith le bheith in ann teagmháil a dhéanamh le Cathaoirleach an Bhoird agus leis an gCathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta an Bhoird. Beidh ceann na hiniúchóireachta inmheánaí ag tuairisciú don Stiúrthóir.

Agus feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí ag tabhairt faoina cuid oibre go leanúnach, déanfar tástáil mhionsonraithe ar réimsí sonracha mar atá clúdaithe sa chairt lena chinntiú go bhfuil an Leabharlann Náisiúnta ag cloí go hiomlán le gach ceanglas. Déanfar na torthaí ón méid sin a thuairisciú don Choiste Iniúchóireachta.

Agus gach iniúchadh nó tasc iniúchta curtha i gcrích, cuirfidh feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí tuarascáil le chéile ina luafar na torthaí a fuarthas mar aon le moltaí an iniúchóra. Cuirfear an dréacht faoi bhráid an lucht bainistíochta lena dtuairimí a fháil laistigh de 10 lá tar éis an obair allamuigh a chur i gcrích ar an iniúchadh nó tasc iniúchta. Beidh 10 lá oibre ag an lucht bainistíochta freagra a thabhairt agus beidh a bhfreagraí siúd mar chuid den tuarascáil deiridh, mar aon le barúlacha fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí ar na pointí a luadh.

Seolfar an tuarascáil deiridh chuig an Stiúrthóir laistigh de 10 lá oibre tar éis tuairimí an lucht bainistíochta a fháil, mar aon le liosta scaipeacháin molta ar a mbeidh an Coiste Iniúchóireachta agus Cathaoirleach an Bhoird, ar a laghad. Beidh an Stiúrthóir in ann cur leis an liosta sin de réir mar is cuí ach ceadú a fháil ón gCoiste Iniúchóireachta.

Sa chás go bhfuil moltaí sonracha déanta i dtuarascáil iniúchóireachta a bhfuil an lucht bainistíochta i bhfách leo, déanfaidh feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí a chinntiú go gcuirfear na moltaí i bhfeidhm.

Beidh feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí ar fáil le freastal ar gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta le tuairisc agus míniú a thabhairt ar an obair iniúchóireachta atá ar bun.

## 7. Freagrachtaí an Lucht Bainistíochta

Tá sé mar phríomhfhreagracht ar an lucht bainistíochta timpeallacht chuí éifeachtach rialaithe a chur ar bun agus a chaomhnú agus riosca a bhainistiú le cuspóirí móra na Leabharlainne a bhaint amach. Ní fhágann feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí nach bhfuil freagrachtaí ar an lucht bainistíochta ina leith sin, ach cuirtear dearbhú ar fáil dá réir maidir le chomh sásúil agus atá an córas don rialú inmheánach.

Príomhfhreagracht atá ar an lucht bainistíochta chomh maith ná calaois a chosc agus a bhrath.

Bítear ag súil le go mbeidh an lucht bainistíochta agus na baill foirne ag obair go réamhghníomhach i gcomhar leis an Iniúchóireacht Inmheánach.

An lucht bainistíochta a bheidh freagracht as cinneadh a dhéanamh faoin ngníomh ar cheart a dhéanamh mar fhreagairt ar thorthaí i dtuarascáil na hiniúchóireachta agus as dul i ngleic le haon ábhar imní san iniúchóireacht agus as na moltaí ón iniúchóireacht a bhfuiltear chun glacadh leo a chur chun feidhme go pras.

## 8. Ceisteanna Luach ar Airgead

Agus a cuid oibre á pleanáil, á cur i ngníomh agus á tuairisciú ag feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí, ba cheart don fheidhm a chinntiú go dtugtar go leor airde ar an iniúchóireacht ar “luach ar airgead”. Is é is iniúchóireacht “luach ar airgead” ann ná a chinntiú go n-úsáidtear na cistí a chaitheann an eagraíocht ar shlí atá éifeachtach, éifeachtúil agus eacnamaíoch.

Cuirfidh an iniúchóireacht inmheánach seirbhísí “luach ar airgead” ar fáil don eagraíocht de réir mar a theastaíonn a leithéid ón mBord.

## AGUISÍN 3

### TÉARMAÍ TAGARTHA CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

**1. Beartas**

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann díograiseach i leith tacaíocht a thabhairt d’fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí agus í a fhorbairt sna réimsí gníomhaíochta go léir a bhfuil an Bord freagrach astu. Mar pháirt den athbhreithniú córasach atá ar siúl go leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus ar na nósanna imeachta rialachais sa Leabharlann Náisiúnta, beidh ról ag an gCoiste Iniúchóireachta maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus comhairle a chur ar an mBord i dtaca le feidhmiú agus forbairt na feidhme sin.

**2. Údarás**

Tá an Coiste Iniúchóireachta údaraithe ag an mBord aon fhaisnéis a lorg a theastaíonn le go mbeifear in ann a fheidhmeanna a chur i gcrích. Caithfidh an lucht bainistíochta agus na baill foirne comhoibriú le haon iarratais ón gCoiste Iniúchóireachta.

**3. Comhaltas/Ceapachán**

Triúr comhaltaí ar a laghad a bheidh ar an gCoiste Iniúchóireachta (beirt chomhaltaí den Bhord ina measc) arna gceapadh ag an mBord. Beidh taithí airgeadais chuí a fuarthas le déanaí ag comhalta amháin. Comhalta den bhord a bheidh mar chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta.

4. **Freagrachtaí**

Freagrachtaí Sonracha an Choiste Iniúchóireachta:

- An clár bliantúil iniúchóireachta a cheadú.
- Creat bliantúil bainistíochta riosca a cheadú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ráitis airgeadais agus tuarascáil iniúchóra Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sula gcuirfear faoi bhráid an Bhoird iad.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus ar litreacha an lucht bainistíochta i dtaca le fiúntas na moltaí iontu.
- Tabhairt faoi mholtaí cuí a chur chun feidhme.
- Neamhspleáchas fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí a chosaint.
- Comhairle a chur ar an mBord agus ar an Stiúrthóir faoin méid atá clúdaithe sa chlár bliantúil iniúchóireachta agus maidir le sásúlacht an tsaineolais agus na n-acmhainní atá ar fáil d’fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí.
- Plé le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

- Tuairisc scríofa a thabhairt don Bhord dhá uair sa bhliain ar a laghad.

**5. Plé le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tabharfaidh an Coiste Iniúchóireachta deis d'iniúchóirí seachtracha Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste) freastal ar chruinniú leis an Iniúchóireacht uair sa bhliain.

**6. Cruinnithe**

Beidh cruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta ceithre huaire sa bhliain ar a laghad. Beirt chomhaltaí a bheidh i gcóram.

**7. Athbhreithniú**

Déanfaidh Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta, an Stiúrthóir agus Cathaoirleach an Bhoird athbhreithniú a fheidhmiú an Choiste Iniúchóireachta tar éis trí bliana. Cuirfear tuarascáil bunaithe ar an athbhreithniú sin faoi bhráid an Bhoird.

**An Coiste um Ghinealas agus Araltas, dá bhforáiltear faoi Alt 13(4)(a) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.**

**Téarmaí Tagartha**

Feidhmiú mar bhuanchomhlacht arb é is príomhfheidhm dó comhairle a chur ar Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann maidir le nithe a éiríonn as cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla an Bhoird i réimsí an Ghinealais agus an Araltais.

Go háirithe, déanfaidh an Coiste:

- Cúnamh, tacaíocht agus treoir a thabhairt don Phríomh-Aralt maidir le ceisteanna a bhaineann le beartas agus nós imeachta
- Athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar ghníomhaíochtaí na hOifige Ginealais agus ar obair an Phríomh-Arailt
- Athbhreithniú ar sheirbhísí na Leabharlainne Náisiúnta a bhaineann le ginealas/stair theaghlaigh agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird ar nithe ábhartha.
- Riachtanais na hOifige Ginealais san am atá le teacht ó thaobh foirne de a mheas agus a athbhreithniú, aon riachtanais i dtaobh acmhainní sainchomhairleoireachta á gcur san áireamh.
- Arna iarraidh ar an mBord, comhairle a thabhairt maidir leis an dóigh ar féidir ball foirne de chuid na Leabharlainne a cheapadh mar Phríomh-Aralt amach anseo.
- Comhairle a chur ar an mBord maidir le haon nithe ábhartha eile.
- Aon chúraimí eile a chomhlíonadh de réir mar a d’iarrfadh an Bord ó am go chéile.

**<u>An Coiste Comhairleach Léitheoirí</u>**
**<u>(dá bhforáiltear faoi Alt 23 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997):</u>**
**<u>Téarmaí tagartha</u>**

Feidhmiú mar bhuanchomhlacht arb é is príomhfheidhm dó comhairle a chur ar Bhord na Leabharlainne Náisiúnta i dtaca le nithe a bhaineann le seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an Leabharlann.

Go háirithe, déanfaidh an Coiste:

- Athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an Leabharlann, bíodh siad sin i Seomraí Léitheoireachta na Leabharlainne, ar an láithreán gréasáin nó i bhfoirm ábhartha ar bith eile agus cuirfidh an Coiste comhairle ar an mBord maidir lena éifeachtaí agus atá na seirbhísí sin;
- Forbairt ar fheiceálacht na leabharlainne mar Leabharlann Náisiúnta.
- Moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le haon athruithe ar sheirbhísí nó maidir le seirbhísí reatha a leathnú agus pointí cóimheasa a fhorbairt le go bhféadfar comparáid a dhéanamh le heagraíochtaí eile den chineál céanna;
- Comhairle a chur ar an mBord maidir leis an dóigh, i dtuairim an Choiste, ar féidir riachtanais gach úsáideora a shásamh, taighdeoirí san áireamh;
- Comhairle a chur ar an mBord maidir le haon nithe ginearálta a bhaineann le léitheoirí agus úsáideoirí;
- Moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir leis na hábhair go léir thuasluaite; agus
- Aon chúraimí eile a chomhlíonadh de réir mar a d'iarrfadh an Bord ó am go chéile.

Chun críocha na dtéarmaí tagartha seo:

- an chiall a thuigfear as "seirbhísí" ná na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil do léitheoirí agus úsáideoirí áiseanna agus fhoirgneamh na Leabharlainne, bíodh sé sin ar an láthair, trí mheán cumarsáid ó bhéal nó cumarsáid scríofa nó trí mheán leictreonach nó meán eile den chineál sin; agus
- is éard a thuigfear as na téarmaí "léitheoirí" agus "úsáideoirí" aon duine nó grúpa daoine a úsáideann nó ar mian leo úsáid a bhaint as áiseanna agus

foirgneamh na Leabharlainne chun taighde scolártha a dhéanamh nó ar aon chúis eile atá ag teacht le bunchuspóir na Leabharlainne.